

**Miontuairiscí ó Chruinniú Boird  
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin, an 14 Nollaig 2023 ag 11:00**

**Cruinniú hibrídeach: An Seomra Boird, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 A322 agus an córas físchomhdhála (VC)**

<p><b>An Bord</b></p>	<p><b>I láthair:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Eoin McVey, Cathaoirleach</li> <li>- An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh, Leaschathaoirleach (VC)</li> <li>- An Dr Marie Bourke</li> <li>- John Grenham</li> <li>- Lorelei Harris</li> <li>- Elizabeth M. Kirwan</li> <li>- An tOll. Kalpana Shankar</li> <li>- Caitriona Sharkey</li> </ul> <p><b>Leithscéalta:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Lisa Grimm</li> </ul>
<p><b>An Fhoireann</b></p>	<p><b>I láthair:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- An Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir</li> <li>- Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird</li> <li>- Brian O'Donnell, Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí Eastát (6.1-6.2)</li> <li>- Eoghan Ó Carragáin, Ceannasaí Bailiúchán Digiteach (7.1-7.2)</li> <li>- Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca (8.1-8.3)</li> </ul>
<p>Tabhair do d'aire: Tá trí fholúntas ar an mBord. Bhí gach comhalta Boird i láthair ó thús deireadh an chruinnithe, mura luaitear a mhalairt. Cuireann (1-11) in iúl nach raibh comhalta Boird nó ball foirne i láthair ar feadh thréimhse iomlán an chruinnithe, ach go raibh sé/sí i láthair le haghaidh mír(eanna) áirithe sna miontuairiscí.</p>	

D'fháiltigh an Cathaoirleach roimh Elizabeth M. Kirwan mar ainmní foirne nuacheaptha ar an mBord. Ar iarratas ón gCathaoirleach, thug an tUasal Kirwan breac-chuntas ar a cúlra pearsanta agus gairmiúil agus dúirt sí gur Coimeádaí Cúnta, Grád 1 í i mBailiúcháin Speisialta agus go bhfuil sí faoi láthair ina coimeádaí ar Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta NLI. Dúirt an tUasal Kirwan leis an mBord freisin go bhfuil sí ina comhalta de Choiste Cothromais, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta NLI agus go bhfuil sí aici rannchuidiú le plé an Bhoird go háirithe ar ábhar na hionchuimsitheachta.

**D'fháiltigh an Bord roimh Elizabeth M. Kirwan mar ainmní foirne ar an mBord.**

### **1. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta**

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh an cruinniú le córam. Mar fhreagra ar an iarratas ón gCathaoirleach, dhearbhaigh an Bord nach raibh aon choinbhleachtaí leasa acu agus glacadh le clár oibre an chruinnithe.

**Bhí an cruinniú Boird le córam. Ní raibh aon choinbhleachtaí leasa le dearbhú ag an mBord agus ghlac siad leis an gclár oibre.**

Tabhair do d'aire: Scaipeadh páipéir uile an Bhoird roimh an gcrúinniú Boird, mura luaitear a mhalairt, agus glactar leis gur léadh iad.

### **2. Dréacht-mhiontuairiscí ón gcrúinniú Boird ar an 26 Deireadh Fómhair 2023 agus a bhfoilsíú**

**D'fhaomh an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ón gcrúinniú Boird ar an 26 Deireadh Fómhair 2023 gan leasú agus foilsíú na miontuairiscí faofa sin, téacs folaithe iontu de réir mar a aibhsíodh.**

### **3. Nithe ag éirí as**

Thug an Bord dá aire go bhfuil a chomhaltacht comhdhéanta anois de 9 ngnáthchomhalta agus an t-ainmní foirne, Elizabeth M. Kirwan, ceaptha an 30 Samhain 2023, agus go bhfuil trí fholúntas (ainmnithe

PAS) ón 24 Samhain 2023. Chuir an Cathaoirleach in iúl don Bhord go dtuigeann sé óna rannpháirtíocht le Stateboards.ie agus PAS go bhfoilseofar an leabhrán ag tabhairt cuireadh d'iarratais chun na 3 fholúntas a líonadh in Eanáir 2024.

Mheabhraigh an Bord a chinneadh eisceachtúil ar an 7 Nollaig 2023, inar cheadaigh sé trí ríomhphost, gan aon choinbhleachtaí leasa a dhearbhu, gur cheannaigh NLI an comhfhreagras idir Michael Collins agus Susan (Siobhán) Killeen agus míreanna gaolmhara ar shuim iomlán €162,500, ar thug sé faoi deara ag an am go rabhthas ag súil go ndéanfaí é a mhaoiniú trí leithdháileadh speisialta, chun na críche sainiúla seo, ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an tábla gníomhaíochta 'Nithe ag éirí astu'. [REDACTED]

[REDACTED]

D'iarr an Bord go bhfanfadh an gníomh a bhaineann le MoLI oscailte, mar ba mhaith leis an mBord go gcuirfí an comhaontú maidir le hiasachtú bhailiúcháin NLI le taispeáint i MoLI faoi bhráid an Bhoird dá chruinniú an 29 Feabhra 2024.

**Thug an Bord faoi deara roinnt míreanna faoi chúrsaí a tháinig chun cinn lena n-áirítear comhaltas an Bhoird; a iarratas ar chinneadh eisceachtúil an 7 Nollaig 2023 chun ceannach bhailiúcháin speisialta a cheadú; agus tábla gnímh na nithe a tháinig chun cinn lena n-áirítear gníomhartha a bhaineann le MoLI** [REDACTED]

[REDACTED]

#### 4. Tuarascáil Feidhmiúcháin

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boid. Ina theannta sin, chuir an Stiúrthóir an Bord ar an eolas ó bhéal faoi na cúrsaí a leanas, agus i gcás inar ábhartha, tugtar dá aire ionchur an Bhoird ar na cúrsaí sin freisin.

- Cumarsáid/Imeachtaí/Taispeántais:
  - Sraith Déanach ag an Leabharlann: Dúirt an Stiúrthóir go bhfuil sé ar intinn aici cur leis an rath a bhí ar an tsraith agus í ag plé le lucht féachana nua, trí oibriú le Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú (ELP) ar shraith nua don bhliain 2024 atá dírithe ar níos mó daoine óga a mhealladh.
  - Turais an Stiúrthóra: Thug an Stiúrthóir le fios go bhféadfadh go gcuirfí isteach ar na turais a bhí sceidealta le bheith ar siúl tráthnóna mar gheall ar agóidí atá beartaithe lasmuigh de Thithe an Oireachtais. Phléigh an Stiúrthóir agus an Bord an chúis ar éirigh leis na turais agus luaigh siad próifíl mhéadaithe cumarsáide NLI mar chúis amháin a d'fhéadfadh a bheith ann.
  - Poetry Aloud: Thug an Stiúrthóir eolas faoi dheis comhoibrithe leis an RA agus Ceanada; beidh na hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais de Poetry Aloud 2023 ag taisteal go Londain le haghaidh comhoibrithe idirnáisiúnta ina mbeidh buaiteoirí Poetry Aloud san am a chuaigh thart agus san am i láthair; agus déanfaidh NLI idirchaidreamh le hAmbasáid na hÉireann i Londain maidir leis an gcomhoibriú.
  - Céad bliain ó bronnadh Duais Nobel na Litríochta ar WB Yeats: Mhol an Stiúrthóir an tacaíocht a thug Cathaoirleach Sheanad Éireann, Jerry Buttimer, maidir leis an sraith gearrscannán agus an ócáid speisialta i Seanad Éireann chun an céad bliain a chomóradh.

Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord gur bhuail sí le roinnt Seanadóirí mar thoradh ar an gcaidreamh díreach a bhí ag NLI le gach comhalta de Thithe an Oireachtais ar bhailiúchán, ar thaispeántas agus ar chlár imeachtaí an chomórtha WB Yeats de chuid NLI.

Mhol an Cathaoirleach Susan O'Keeffe as an tacaíocht a thug sí agus Cumann Yeats do chlár imeachtaí NLI a reáchtáladh ar an láthair agus ar líne chun an cothrom céad bliain a chomóradh.

- Seamus Heaney: Éist Anois Arís: Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an amlíne chun a oscailt 6 lá in aghaidh na seachtaine a athbhunú ar bhonn incriminteach ag teacht le hearcú foirne.

- Na Meáin: D'iarr an Bord go ndéanfaí agallamh an Stiúrthóra ar bhailiúcháin ghrianghrafadóireachta NLI mar chuid de shraith Nationwide RTÉ maidir le 'Tithe Móra in Éirinn' a scaipeadh ar an mBord. Mhol an Bord alt an Stiúrthóra san eagrán is déanaí den *Irish Arts Review* ar líníochtaí ársaíochta le Gabriel Beranger (c1729-1817) i mbailiúcháin NLI, agus thug sé faoi deara go háirithe an tagairt a rinne sí do léitheoir agus cara fadbhunaithe le NLI, an tOllamh Peter Harbison, nach maireann.
- Tionscadal Forbartha Caipitil: Thug an Stiúrthóir faoi deara gur chuir NLI isteach, ag teacht le hiarratas ón D/TCAGSM, cás gnó eile ar cheadú chun cuireadh chun tairisceana a eisiúint d'fhorbairt seirbhísí léirmhínte, dearadh taispeántais agus feistiúcháin. Thug an Stiúrthóir faoi deara díomá an Fheidhmeannais maidir le dhá éadan láithreach Tionscadail: (i) an ciseal breise ceadaithe a leagtar amach thuas toisc nach raibh coinne leis seo; agus (ii) an mhoill ar chríochnú Amharclann Joly. Thug an Bord dá n-aire an imní atá air go bhfuil drochthionchar á imirt ar sceideal ELP 2024 mar gheall ar an moill ar oscailt na hamharclainne.
- Earcaíocht: D'iarr an Cathaoirleach ar an Stiúrthóir a chur in iúl don Cheannasaí Acmhainní Daonna go n-aithníonn an Bord an obair ar fad a rinne sí chun earcaíocht a chur chun cinn mar thosaíocht eagraíochtúil in 2023.

**Thug an Bord dá aire agus phléigh siad Tuarascáil an Fheidhmeannais agus cur i láthair breise ó bhéal an Stiúrthóra.**

## 5. Coistí an Bhoird

### 5.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Tuarascáil ón 1 Nollaig 2023; agus Miontuairiscí ón 11 Deireadh Fómhair 2023

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) tuarascáil ó bhéal ar chruinniú an Choiste an 1 Nollaig, mar seo a leanas:

- Bhreithnigh ARC na Míreanna Clár Oibre agus na páipéir ábhartha a leanas freisin: 6.1, 8.1.1-8.1.3; 8.2.1; 8.3.1.

- Chuir ARC roinnt comhairle/moltaí in iúl d'aird agus d'ionchur an Bhoird:
  - Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh ar Acmhainní Daonna agus Bainistíocht Daoine (2022) agus Airgeadas: Maidir le moladh na Tuarascála “go dtabharfadh an bhainistíocht athchuid ar an bpróiseas earcaíochta agus láimhdeachais foirne chun réimsí feabhsúcháin a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu chun tréimhse folúntais na róil laistigh de NLI a íoslaghdú” agus an tionchar a bheadh ag moilleanna ar smachtbhanna earcaithe ó D/TCAGSM ar bhuiséad pá NLI (ar gannchaiteachas faoi láthair), molann an ARC go scríobhfadh Cathaoirleach an Choiste chuig an D/TCAGSM chun na nithe seo a chur in iúl dóibh; deis a thabhairt don D/TCAGSM freagra a thabhairt; agus dul i dteagmháil leis an D/TCAGSM maidir le haontú (i) gan aon cheanglas smachtbhanna maidir le haislíonadh post ar aon dul le ranna Rialtais eile agus (ii) fráma ama nua don D/TCAGSM chun cead a thabhairt don NLI poist nua a earcú.

Phléigh an Bord an cheist; d'aontaigh siad le moladh an ARC; agus d'iarr sé go gcoinneofaí an Cathaoirleach ar an eolas faoi gach céim de phróiseas na litreach, agus go ndéanfaí an Cathaoirleach agus an Stiúrthóir a áireamh i litir Chathaoirleach an Choiste chuig an Ard-Rúnaí sa D/TCAGSM.

- [REDACTED]: Féach Mír 3 ar Chlár Oibre an Bhoird thíos.
- Tearcmhaoiniú: Féach Míreanna Clár Oibre an Bhoird 8.1.1-8.1.2 thíos.

**Thug an Bord an dá n-aire tuarascáil ó bhéal an Chathaoirligh chuig an mBord maidir le cruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 1 Nollaig 2023 agus na miontuairiscí faofa ó chruinniú an ARC an 11 Deireadh Fómhair 2023.**

**D'aontaigh an Bord le moladh an ARC le haghaidh gnímh ar (i) an mhoill maidir le smachtbhanna chun earcú a dhéanamh ón D/TCAGSM go NLI; agus (ii)**

[REDACTED].

## **5.2 An Coiste um Ginealas agus Araltas: Tuarascáil ón 5 Nollaig 2023 agus Miontuairiscí ón 13 Meán Fómhair 2023**

Thug an Coiste Ginealais agus Araltais (CGH) forbhreathnú don Bhord ar an gcur i láthair, arna chur ar fáil ag cruinniú Coiste an 13 Meán Fómhair 2023, a thug bainistíocht na mBailiúchán Speisialta ar an tionscadal 'Bailiúcháin Cheilte – Taifid Eastáit Thalmhaithe'. Mhol an Coiste saineolas na foirne agus a gcuid eolais ar na bailiúcháin; obair na foirne chun tabhairt faoin tionscadal uaimhianach seo; agus d'aontaigh siad le Ceannasaí na mBailiúchán Speisialta, in ainneoin na mbuntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le tionscadal den sórt sin, go raibh nochtadh na mbailiúchán ar mhaithe le leas an phobail agus mar thosaíocht straitéiseach don eagraíocht.

I ndáil le cruinniú an Choiste an 5 Nollaig 2023, rinne Cathaoirleach an Choiste an méid a leanas:

- thug sé forbhreathnú don Bhord ar an gcur i láthair a chuir Pádraic Stack ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil um Fhorbairt Leabharlann (LGMA) ar fáil. Bhí suim ar leith ag an gCoiste sa suíomh Gréasáin 'Ask About Ireland' mar gheall ar a thairiscint ghinealais agus go bhfuil fadhbanna teicniúla leanúnacha ag baint leis an suíomh gréasáin mar gheall ar a aois. Rachaidh an Coiste i dteagmháil le LGMA tuilleadh, d'fhonn a bhreithniú an bhfuil deiseanna comhoibrithe, tacaíocht, etc. ann a d'fhéadfadh an NLI a bheith in ann LGMA a chur ar fáil ar an suíomh Gréasáin 'Ask About Ireland'; agus
- chuir sé in iúl don Bhord gur fháiltigh an Coiste agus a fhoghrúpa aiseolas an Bhoird ar 'Thuarascáil an fhoghrúpa atá ag tabhairt comhairle ar roghanna féideartha NLI maidir le Ginealas agus Araltas'. Dúirt Cathaoirleach an Choiste go bhfanfaidh an Tuarascáil ar chlár oibre an Choiste d'fhonn na roghanna a chur chun cinn, nuair is féidir.

**Thug an Bord dá aire tuarascáil ó bhéal Chathaoirleach an Choiste maidir le cruinniú CGH an 5 Nollaig agus an 13 Meán Fómhair 2023; agus miontuairiscí faofa de chruinniú CGH an 13 Meán Fómhair 2023.**

### 5.3 An Coiste Comhairleach Léitheoirí: Tuarascáil ón 5 Nollaig 2023 agus Miontuairiscí ón 28 Meán Fómhair 2023

Thug Cathaoirleach Choiste Comhairleach na Léitheoirí (RAC) faoi deara a buíochas do chomhalta den RAC, Harry Hughes, as leagan taistil a éascú de thaispeántas ‘Seamus Heaney: Éist Anois Arís’ i dTeach Chathair na Mart le rochtain saor in aisce.

I ndáil le cruinniú an Choiste an 5 Nollaig 2023, chuir Cathaoirleach an Choiste an méid a leanas in iúl don Bhord:

- Rinne Padraic Stack, LGMA, cur i láthair don Choiste freisin agus pléadh deiseanna comhoibrithe. Mhol Cathaoirleach an Choiste go mb’fhéidir go mbeadh sé níos tairbhí do na Coistí agus do na láithreoirí dá dtionólfai cruinnithe Coistí i dteannta a chéile nuair a bheadh láithreoir i láthair ag níos mó ná Coiste amháin.
- Thug an Ceannasaí Seachadta Seirbhíse agus an Ceannasaí Cumarsáide & Forbartha cur i láthair ar leith don Choiste. Chuir an Coiste fáilte roimh agus mhol sé an fhoireann as na sonraí a cuireadh faoi bhráid an RAC maidir le rannpháirtíocht NLI. Thug Cathaoirleach an Choiste faoi deara gur cheart sonraí den sórt sin a chur faoi bhráid an RAC do gach ceann dá chruinnithe.
- Bhí plé tábhachtach ag an gCoiste maidir le daonchairdeas lena n-áirítear smaointe faoi conas a d’fhéadfadh NLI dul chun cinn a dhéanamh ar an ábhar seo agus scileanna an RAC a leathnú chun comhaltaí a bhfuil saineolas daonchairdiúil acu a chuimsiú. Mhol Cathaoirleach an Choiste go dtiocfadh an Bord le chéile chun daonchairdeas a mheas go mion ionas go mbeadh an fhís, na hacmhainní, na struchtúir ag an bhFeidhmeannas (e.g. féachaint an bhfuil gá le Coiste Boird um Dhaonchairdeas a bhunú) chun deiseanna daonchairdis, idir mhór agus bheag, a shaothrú.

Phléigh an Bord an moladh agus an daonchairdeas go ginearálta agus luadh a dtaithe ar iarrachtaí daonchairdis institiúidí náisiúnta agus idirnáisiúnta; na caighdeáin ghairmiúla treochláir a chuirtear i bhfeidhm ar an daonchairdeas, chomh mór sin, go bhfostaíonn eagraíochtaí go minic seirbhísí soláthraí sainseirbhíse



chun iad a dhéanamh/cabhrú lena leithéid d'obair; agus nádúr iomaíoch an daonchairdis.

**Thug an Bord dá n-aire an tuarascáil ó bhéal a thug Cathaoirleach an Choiste ar an gcruinniú RAC an 5 Nollaig 2023 agus na miontuairiscí faofa ó chruinniú RAC an 28 Meán Fómhair 2023. D'aontaigh an Bord le moladh Chathaoirleach an Choiste teacht le chéile ar ábhar an daonchairdis.**

## **6. Eastáit**

### **6.1 Comhairle Beauchamps' Governance and Operations (Gov. & Ops) maidir le Tionscadal Forbartha Caipitil NLI**

Thug Leas-Stiúrthóir-Ceannasaí na nEastát, breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Mar fhreagra ar cheist ón gCathaoirleach, chuir Cathaoirleach an ARC agus an Leas-Stiúrthóir-Ceannasaí na nEastát in iúl go raibh siad deimhnithe ag an gcomhairle a chuir soláthraí seirbhíse dlí NLI, Beauchamps, ar fáil ar an ábhar seo.

**Bhreithnigh an Bord an chomhairle a thug Beauchamps ar Thionscadal Forbartha Caipitil NLI agus d'aontaigh sé leis.**

**D'ordaigh an Bord don Fheidhmeannas, ar aon dul leis an gcomhairle dlí a fuarthas (leathanach 10, Achoimre ar Chúrsaí) dul i dteagmháil, leis an OPW agus leis an D/TCAGSM, féachaint le go n-íocfaí na costais tógála go díreach ón D/TCAGSM le OPW mar atá faoi láthair faoin gComhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA) atá ann faoi láthair, agus sa chás nach bhfuil comhaontú air seo le teacht, d'fhéadfadh go mbeadh ar NLI dul i mbun oibre lena chinntiú go mbainfear amach réiteach inoibrithe agus modheolaíocht má íoctar na costais tógála ó D/TCAGSM trí NLI go dtí OPW mar atá leagtha amach faoi na socruithe rialachais nua atá beartaithe.**

### **6.2 Athchóiriú aghaidh Uimh. 5 Shráid Chill Dara**

Thug Leas-Cheannasaí na nEastát, breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Ina theannta sin, chuir an Leas-Stiúrthóir-Ceannasaí na nEastát in iúl don Bhord go raibh sé, ar mhaithe le bainistíocht caidrimh, i gcumarsáid

neamhfhoirmiúil leis an OPW ar an ábhar. Chuir an Cathaoirleach a bhuíochas pearsanta in iúl don Leas-Stiúrthóir-Ceannasaí na nEastát.

**Cheadaigh an Bord, gan leasú, dréacht-fhoclaíocht an iarratais chuig an OPW chun aghaidh Uimh. 5 Sráid Chill Dara a dheisiú.**

## 7. Cásanna Gnó

### 7.1 Bailiúcháin Dhigiteacha:

[Redacted]

[Redacted]

[Redacted]

[Redacted]

### 7.2 Bailiúcháin Dhigiteacha:

[Redacted]

[Redacted]

[Redacted]

## 8. Gnóthaí Corparáideacha

### 8.1 Cúrsaí Airgeadais

#### 8.1.1 Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023

#### 8.1.2 Nuashonrú Buiséad 2024

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar pháipéir ábhartha an Bhoird don dá mhír seo. Ina theannta sin, cuireadh in iúl don Bhord:

- Tá athbhreithniú déanta ag an D/PENDER ar a phróiseas tugtha anonn: roimhe seo, cheadaigh riail ghinearálta (neamhscríofa) 10% a thabhairt anonn; ach tá fógra tugtha ag D/PENDER don D/TCAGSM gur cheart srian a chur le tabhairt anonn go 5% don 1 Eanáir 2024.
- Tá NLI ag fanacht le freagra ón D/TCAGSM ar a iarratas an 13 Samhain 2023 chun cistí a thabhairt anonn ó Phá Reatha agus Pinsin 2023 go 2024 chun an tearcmhaoiniú measta sa leithdháileadh a chlúdach.
- An 17 Samhain 2023, thug NLI le fios don D/TCAGSM nach raibh a leithdháileadh reatha neamhphá leordhóthanach chun freastal ar a cláir agus a costais oibriúcháin neamhphá reatha.

Chuir Cathaoirleach an ARC in iúl don Bhord go ndearna an ARC, ag a chruinniú roimhe seo:

- mhol siad na Dréachtchuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023 lena bhfaomhadh;
- mhol siad go gcuirfeadh an Feidhmeannas uasdátú ar Bhuiséad 2024 faoi bhráid an Bhoird; agus
- D'aontaigh sé comhairle a chur ar an mBord go mb'fhéidir go mbeadh air dul i dteagmháil leis an D/TCAGSM maidir le réamhaisnéis tearcmhaoinithe NLI.

Chuir Cathaoirleach an ARC agus a chomhalta Boird ARC in iúl don Bhord gur cheart breathnú ar straitéis

rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara chun aghaidh a thabhairt ar an tearcmhaoiniú; agus, nach bhféadfaí a bheith ag súil le cistí ó lontaobhas NLI, agus nár leor iad, chun freastal ar chostais reatha NLI.

Chuir Cathaoirleach an Bhoird in iúl:

- gur iarr sé ar an ARC moladh a dhéanamh don Bhord (le leanúint) maidir leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cúlchistí neamhshrianta in lontaobhas NLI; agus
- beidh dúshlán ag baint leis an gcéad chruinniú eile mar go dtíolacfaidh an Feidhmeannas Buiséad Ardleibhéil 2024 lena cheadú ag an mBord, agus ba cheart don Bhord a bheith ag súil go mbeidh plé agus cinntí deacra aige i bhfianaise an tearcmhaoinithe atá tuartha.

**D’fhaomh an Bord na Dréachtchuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023. Bhreithnigh an Bord nuashonrú Bhiséad 2024 agus thug sé é dá aire.**

### **8.1.3 Tuairisciú Ioncaim Feabhsaithe**

Thug Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach-CRO breacchuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha agus d’fhreagair siad ceist ón mBord maidir le héifeachtúlacht Chóras Pá agus Costas NSSO. Thug an Bord dá aire tuairiscí sna meáin le déanaí ar aiseolas diúltach na Roinne Airgeadais ar an gcóras Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais.

Chuir Cathaoirleach an ARC in iúl don Bhord gur thug an ARC, ag an gcrúinniú a bhí aige roimhe seo, faoi deara gurbh fhearr leis aistriú íocaíochtaí speansas taistil agus cothabhála an Stiúrthóra, an Bhoird agus chomhaltaí an Choiste chuig córas Pá agus Speansais NSSO, mar go gcabhródh sé leis an bhFeidhmeannas.

**Rinne an Bord athbhreithniú agus breithniú ar an nuashonrú ar Thuairisciú Ioncaim Feabhsaithe agus, ag teacht le rogha an ARC, thug sé treoir don**

**Fheidhmeannas íocaíochtaí speansas taistil agus cothabhála an Stiúrthóra, an Bhoird agus an Choiste a aistriú chuig córas Pá agus Costais NSSO le tuairisciú go huathoibríoch chuig na Coimisinéirí Ioncaim ag NSSO.**

## **8.2 Beartais**

### **8.2.1 Cúrsaí Airgeadais: Beartas Soláthair le haghaidh Earraí agus Seirbhísí agus Nós Imeachta Soláthair le haghaidh Earraí agus Seirbhísí**

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO mionteagasc ó bhéal don Bhord maidir le Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair NLI mar a leanas:

- An 26 Deireadh Fómhair 2023, d'fhaomh an Bord Dréachtbheartas Soláthair le haghaidh Earraí agus Seirbhísí NLI (FIN-PO-0126) agus Dréachtnósanna Imeachta Soláthair le haghaidh Earraí agus Seirbhísí NLI (FIN-PR-01) agus d'fhaomh siad iad.
- An 26 Deireadh Fómhair 2023, d'fhoilsigh an OGP leagan nuashonraithe de na Treoirlínte Soláthair Phoiblí d'Earraí agus Seirbhísí (leagan 3) agus rinne Bainisteoir Soláthair NLI athbhreithniú ar FIN-PO-01 agus FIN-PR-01 mar thoradh air sin.
- An 28 Samhain 2023, d'fhormheas an LT leagan nuashonraithe de dhréacht FIN-PO-01 (leagan 2) agus dréacht FIN-PR-01 (leagan 2) chun ailíniú le Treoirlínte Soláthair Phoiblí Earraí agus Seirbhísí an OGP (leagan 3).
- Táthar ag súil go bhfoilseofar leagan nuashonraithe eile de Threoirlínte Soláthair Phoiblí d'Earraí agus Seirbhísí OGP in 2024.

Chuir an Ceannasaí Airgeadais-CRO an Bord ar an eolas freisin maidir le breithniú agus comhaontú an ARC ar an ábhar seo ag an gcruinniú a bhí aige roimhe seo (féach thíos).

**Thug an Bord dá aire an mionteagasc ó bhéal ar an mBeartas Soláthair nuashonraithe le haghaidh Earraí & Seirbhísí agus Nós Imeachta Soláthair Earraí & Seirbhísí, agus maidir le comhaontú an ARC, ag a chruinniú roimhe seo, trína ndéantar nuashonrú ar Bheartas Soláthair agus/nó Nósanna Imeachta an NLI maidir le hEarraí agus Seirbhísí, a theastaíonn de thoradh treorach/ciorclán nuashonraithe ó OGP, níor ghá iad a chur faoi bhráid an ARC agus an Bhoird lena gceadú nó lena nótáil; ach ina áit sin, ba cheart don Ceannasaí Airgeadais-CRO an ARC agus an Bord a chur ar an eolas ó bhéal nuair a bheidh aon nuashonruithe riachtanacha den sórt sin déanta ar na doiciméid sin.**

### **8.3 Bainistíocht Riosca**

#### **8.3.1 Athbhreithniú ar Bhainistíocht Riosca – Sracphlean**

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**Rinne an Bord athbhreithniú agus breithniú ar an Sracphlean Athbhreithnithe Bainistíochta Riosca. Cheadaigh an Bord ceardlann ar Inghlacthacht Riosca a reáchtáil don Bhoird agus don ARC uair an chloig roimh a chéad chruinniú Boird eile.**

### **8.4 Meastóireacht Féinmheasúnaithe Bliantúil ar an mBord**

Thug an Cathaoirleach breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**Thug an Bord faoi deara go ndéanfar Ceistneoir um Meastóireacht Féinmheasúnaithe an Bhoird, mar a fhoráiltear sa Chód Stáit, a scaipeadh go leictreonach ar an mBord agus is é an 12 Eanáir 2023 an spriocdháta críochnaithe.**

**9. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin, an 29 Feabhra 2024, 11:00**

Thug beirt chomhaltaí Boird a leithscéal don chéad chruinniú Boird eile.

**Thug an Bord dá n-aire go mbeadh an chéad chruinniú hibrideach eile de Bhord NLI ar siúl Déardaoin, an 29 Feabhra ag 11.00 r.n.**

**10. Aon Ghnó Eile**

**Ní raibh aon ghnó eile le plé ag an mBord.**

**11. Am príobháideach**

**Níor réachtáil an Bord seisiún príobháideach.**

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**